2024/442

5.2.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/442 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Eanáir 2024

maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Toirmeasc ar chleachtais tiontúcháin san Aontas Eorpach' de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2024) 344)

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(2) agus (3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh dar teideal 'Toirmeasc ar chleachtais tiontúcháin san Aontas Eorpach', cuireadh iarraidh ar a chláraithe faoi bhráid an Choimisiúin an 27 Samhain 2023.

(2) Is é cuspóir an tionscnaimh mar a chuir na heagraithe in iúl é iarradh ar an gCoimisiún go 'molfadh sé toirmeasc ceangailteach ó thaobh dlí de ar chleachtais tiontúcháin a ndírítear ar shaoránaigh LGBTQ+ san Aontas Eorpach'. Sa tionscnamh, sainmhínítear na cleachtais sin mar 'idirghabhálacha atá dírithe ar ghnéaschlaonadh, fhéiniúlacht inscne agus/nó léiriú inscne daoine LGBTQ+ a athrú, a chur faoi chois nó a bhrú faoi chois'. Measann na heagraithe gur cheart don Choimisiún: 'treoir a mholadh lena gcuirfear cleachtais tiontúcháin ar liosta na gcoireanna Eorpacha agus/nó leasú a dhéanamh ar an Treoir maidir le comhionannais (2008) atá á plé faoi láthair chun toirmeasc ar na cleachtais sin a chur san áireamh', 'rún neamhcheangailteach a fhorfheidhmiú, lena n-iarrtar toirmeasc forleathan ar chleachtais tiontúcháin' san Aontas agus leasú a dhéanamh ar Threoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) chun go mbunófar íoschaighdeáin den sórt sin maidir le 'íospartaigh na gcleachtas tiontúcháin'. Deir na heagraithe freisin gur cheart do gach Ballstát 'toirmeasc a thabhairt isteach ar chleachtais tiontúcháin nó athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid cleachtas reatha'.

(3) In iarscríbhinn a ghabhann leis an tionscnamh, tugtar tuilleadh sonraí maidir le hábhar, cuspóirí agus cúlra an tionscnaimh. Mínítear inti go 'gcuimsítear sna cleachtais tiontúcháin réimse éagsúil ionramhálacha meabhracha agus fisiceacha, síolteagasca síci-hiopnóiseacha (a chuirtear i láthair don phobail mar 'theiripí' de ghnáth), idirghabhálacha leighis agus hoiméapatacha, díbirt deamhan agus cóireálacha eile a ndéantar chun Gnéaschlaonadh, Féiniúlacht Inscne agus Léiriú Inscne a athrú'. San iarscríbhinn, cuirtear sonraí ar fáil ó roinnt tuarascálacha ar ar a mbonn a dhéanann na heagraithe a 'ríomh go garbh gur cuireadh brú ar timpeall 5 % de shaoránaigh LGBTQ+ den Aontas Eorpach dul faoi chleachtas tiontúcháin'. Déanann na heagraithe liosta moltaí le haghaidh toirmeasc ar chleachtais tiontúcháin, moltaí a thagann ón dtuarascáil 2023 dar teideal '*Conversion Practices on LGBT+ People*' [Cleachtais tiontúcháin ar Dhaoine LGBT+] ([3]), a d'iarr an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile de chuid Pharlaimint na hEorpa.

(4) A mhéid a bhaineann le cuspóirí an tionscnaimh, d'fhéadfadh an Coimisiún togra a ghlacadh le haghaidh moladh ón gComhairle lena n-iarrtar toirmeasc ar chleachtais tiontúcháin ar bhonn Airteagal 83(1) agus 292 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) nó ar Airteagal 19 agus 292 CFAE.

(5) D'fhéadfadh an Coimisiún bearta a mholadh freisin maidir le cleachtais tiontúcháin ar bhonn Airteagal 19 CFAE, ar choinníoll go mbeadh údar cuí le ceanglais na forála sin agus go háirithe go bhféadfar cleachtais tiontúcháin a cháiliú mar idirdhealú ar bhonn gnéis nó gnéaschlaonta de réir bhrí na forála sin.

([1]) IO L 130, 17.5.2019, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/788/oj
([2]) IO L 315, 14.11.2012, lch. 57, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2012/29/oj
([3]) https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/4dddcff4-2450-11ee-94cb-01aa75ed71a1

(6) Ar deireadh, ní féidir a chur as an áireamh go bhféadfadh an Coimisiún moladh go gcuirfí roinnt cleachtais tiontúcháin éigeantacha le liosta choireanna an Aontais ar bhonn Airteagal 83(1) CFAE, ar choinníoll go mbeadh údar cuí le ceanglais na forála sin agus go háirithe, maidir leis na cleachtais tiontúcháin sin, go bhféadfaí a mheas gur coireanna fíorthromchúiseacha iad 'a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo mar gheall ar nádúr na gcionta sin nó mar gheall ar an tionchar a bhíonn acu nó toisc go bhfuil gá faoi leith ann iad a chomhrac ar bhonn comhchoiteann'.

(7) A mhéid a bhaineann le híoschaighdeáin a bhunú maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na gcleachtas tiontúcháin, d'fhéadfadh an Coimisiún leasuithe a mholadh ar Threoir 2012/29/AE maidir le cearta íospartaigh ar bhonn Airteagal 82(2) CFAE.

(8) Ar na cúiseanna sin, measann an Coimisiún nach bhfuil aon chuid den tionscnamh ann ar follas nach dtagann sí faoi chreat chumhachtaí an Choimisiúin togra a thíolacadh le haghaidh gníomh dlí de chuid an Aontais chun na Conarthaí a chur chun feidhme.

(9) Is conclúid é sin nach ndéanann difear don mheasúnú ar cé acu a chomhlíonfaí nó nach gcomhlíonfaí, sa chás seo, na coinníollacha coincréiteacha substainteacha ba ghá chun go ngníomhódh an Coimisiún, coinníollacha lena n-áirítear comhlíonadh phrionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta, sin agus comhoiriúnacht do chearta bunúsacha.

(10) Tá fianaise iomchuí curtha ar fáil ag an ngrúpa d'eagraithe go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 5(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2019/788, agus go bhfuil na daoine teagmhála ainmnithe aige i gcomhréir le hAirteagal 5(3), an chéad fhomhír, den Rialachán sin. Cruthaíodh eintiteas dlítheanach go sonrach chun an tionscnamh a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagal 5(7) de Rialachán (AE) 2019/788.

(11) Ní tionscnamh é ar follas é a bheith míchuí, suaibhreosach ná cráiteach, ná ní follas go bhfuil sé contrártha do luachanna an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach iad ná do na cearta a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart an tionscnamh dar teideal 'Toirmeasc ar chleachtais tiontúcháin san Aontas Eorpach' a chlárú.

(13) An chonclúid go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le clárú faoi Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) 2019/788, ní thugann sí le tuiscint go ndearbhaíonn an Coimisiún ar bhealach ar bith go bhfuil inneachar an tionscnaimh cruinn fíorasach, agus is iad an grúpa d'eagraithe atá i mbun an tionscnaimh, agus iadsan amháin, atá freagrach as an méid sin. Ní chuireann inneachar an tionscnaimh in iúl ach tuairimí an ghrúpa d'eagraithe, agus ní féidir a dhéanamh amach ar aon bhealach gurb iad tuairimí an Choimisiúin a léiríonn sé,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Clárófar an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh dar teideal 'Toirmeasc ar chleachtais tiontúcháin san Aontas Eorpach'.

Airteagal 2

Tá an cinneadh seo dírithe chuig an ngrúpa d'eagraithe atá i mbun an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Toirmeasc ar chleachtais tiontúcháin san Aontas Eorpach', grúpa a bhfuil Mattéo GARGUILO agus Robin NOËL ag gníomhú mar theagmhálaithe thar a cheann.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Eanáir 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Věra JOUROVÁ
Leas-Uachtarán